"Ocón, a dtair," ar sí, "tabairfad agus fáilte ; agus go deimhin féin ní ró maic an cóir is féidir dom a cur ort, a dtair," ar sí. "Ac bíod an cóir oic nó maic ní ró fada a beic an tigh seo againn cun beic istigh a tabairt o'doinne ann. Táinig féin le cur amac as ar maidin Dé luain ! Tar istead, a dtair," ar sí.

Cuas istead. Úi tigh folam amuic sa élos agus cuireas mo láir istead ain agus tuas rud le n-ite oi. Úi san agham sa trap beag. Do cuireadh cóir éolata orm féin cóim maic agus o'fheo na daoine bocta é. Bíos am' suide ar maidin ar an sgeath

solus. Tug bean an tíge stiúruḡaḡ agus cómarḡaí an bóḡair dom agus do ḡluaiseas, am' éarra beas, soir ḡo ḡḡí an ḡroḡaḡ aḡá ar abainn Araislinn ; soir ó-ḡuaḡo tré ḡaile na páirce, mór-ḡimpal i raḡarc an tseana caisleáin aḡá 'n-a seasam ar mullaḡ cnucáin ar an ḡḡaḡb ḡiar de'n abainn, ḡ' abainn Araislinn ; pan na h-aban airís, soir ó-ḡuaḡo, ḡo ḡḡí gur sroiseas an crosaire mar a n-iompuiḡḡear siar ḡo ḡḡí Cúil Múcan. Do leanas an bóḡar ḡiread soir ó-ḡuaḡo fé bun ḡaile na mḡoḡaḡ. Ansan do sroiseas ḡroḡaḡ eile agus ḡuaḡas ḡar abainn siar agus suas cnucán, agus bíos aḡ séipéal Araislinn. Séipéal nua ab eaḡ é. B́i sé ana áro, agus do luis-eaḡ an ḡaḡḡ ḡo mór ar an ḡcnucán nuair a bíḡḡ don puínn nirt intí. Tá ḡá sruḡán ḡeasa aḡ ḡeaḡḡ cún a céile ḡoir ḡíos aḡ bun an cnucáin, agus ḡeinean an cnucán foitín mór do'n ínse beas aḡá ḡíos ḡoir an ḡá sruḡ. Níor féaḡas ḡan a imeas gur mór an truaḡ nár ḡeineaḡ an séipéal ḡíos ar an ínse sin i n-inead é ḡeanaḡ ḡuas ar mullaḡ an cnucáin. Ínse an Clampair an ainim a ḡuḡtar ar an ínse sin.

Nuair a b́i an pobal cruinniḡḡe ḡúbart an t-Aifrean ḡóib, agus ansan ḡuḡas aḡaḡo siar ó-ḡeas airís ar Cúil Ūiro, agus bíos ann ar a ḡóḡeas cún an ḡarna h-Aifrinḡ do ráḡ ann. B́i ionḡnaḡ a éroḡe ar an saḡart parḡiste nuair a cónaic sé aḡ ḡeaḡḡ mé. B́i f́ios aige ḡo raib an saḡart a b́i aige róḡam imḡiḡḡe, aḡ ní raib f́ios aige ḡo raḡas-sa ḡaḡaḡe. B́i sé ar buile cúḡam nuair nár ḡuḡas aḡaḡo ar a ḡiḡ f́ein. D'innseas ḡó conus mar a b́i sé ró ḡeanaḡ sa n-oíḡe nuair a sroiseas an áit agus ná raib f́ios aḡam cá raib a ḡiḡ.

Ar maiḡin Dé luain a b́i cúḡainn bíos aḡ féaḡaint

ar páipéar. Níor cuireas suim ró mór i n-aon rud o'á breaca ann go dtí gur luis mo súil ar an méir seo, .i. "Extraordinary occurrence. About 2 o'clock p.m. on Saturday last a distinct shock of earthquake was felt in the neighbourhood of Mallow. It was accompanied by a loud subterranean noise which lasted only a moment. Several persons felt the shock and heard the sound."

Tuigearas ansan c'ao é an brí a bí leis an bfuaim úr o'airigearas agus mé cúpla míle soir ó Malla De Satharainn roimis sin. Tráé éigin sa bpóghmar, sa bliain o'aois an Tigearna míle oét scéad trí fíor a h-oét, isead o' h-airigead an potram san agus o' mothuigead an t-aon luasgao talman amáin sin, i n-aice Malla. Níor mothuigearas-sa an luasg, toisg mé beir sa carra, is dóca, agus an carra ag gluais-eaét.

An fear a bíos i gcill úir an uair sin tuigas breis agus bliain am' cóinnuige i dtis a'á ar éucán os cionn drocair araiglinn, timpal míle soir síos ó'n mbaile beag ar a dtugtar Cill úir. O' h-innsead oim go raib an bharún Pigott 'n-a cóinnuige sa tis éaona nuair a bí sé óg, nuair a bí sé 'n-a macléiginn, agus go raib seómra beag aige ar mullac caraige laistiar de'n tis agus go dtugad sé a lán o'á aimsir sa tseómra san i n'aonar ag déanam foiluma. Bí sé 'n-a breiteam i mb'l'áta Cliaé nuair a bíos-sa am' cóinnuige sa tis. Tis ana deas éun cóinnuigte isead an tis an fear a bíen an samrad ann, ac tá sé 'n-a seasam ar ghuad an éucáin ar an tcaob éuair, agus nuair a éagan an geimre beirean an fuac air go h-ana dian. Baile-iuir-o'á-abainn an ainim a tugtar ar an mbaile. Ruitean a'á araiglinn istead

sa n-Abainn mór lastoir de'n baile, agus ruitean an fúinsion istead sa n-Abainn mór céadna laistiar de'n baile, agus págan san an baile ioir an tÁ abainn. Tá seana caisleán tamall ó-deas ó'n áit 'n-a bfuil an tigh, agus an Rísteaglaic a tugtar mar ainim air. "Rathealy" a tugtar i mBéarla air, i dtreo gur dóic le duine gur ó duine éigin de mhuintir Éalaghte a tugadh an ainim. Sin mar a loitean an Béarla gach don ruid gachlaic go mbíon don teangabáil aige leis. Tá bótar breag réir fan bruid aban Móire soir go n-Ínse an léime agus go dtí an baile Dubh agus go lios mór, agus as san go Ceapac Cuinn.

Ní fada a bíos ar an gcnuicán úr i mBaile-'oir-  
 tÁ-Abainn nuair a bí eolus maic curta agam ar na bóitribh go léir, a bfuil tríd an bparóiste díobh. Do h-innseadh dom go raib tobair beannuighe sa cúinne toir de'n paróiste agus gur "Tobair na h-Ola" a tugtaí air. Com luath agus d'airigheas é beir ann cuas soir go bfeicfinn é. Áit ana uaigneach iseadh an áit 'n-a bfuil sé. Tobairín deas iseadh é, agus uisge ana breag ann. D'ólas deoch as agus taiten sé go mór liom. Do h-innseadh dom go mbíodh daoine ag tabairt turas ann, mór-cimpal an tobair, agus go mbíodh comcalán ann uair sa mbliain. Do h-innseadh dom gur tárla, nuair a bí comcalán éigin acu ann agus mórán daoine cruinnighe ann, gur eirigh bruidean fíochmar eatartha agus gur doirthead fuil ann, mórán dé, agus ansan gur cuireadh mallacht ar an áit, agus gur tugadh "Tobair na fola" ar an dtobair i n-ineadh "Tobair na h-Ola,"

## XVIII

## séamus fréiní, an foğluirde

An bótar mór ó Corcaig go Baile Áta Cliat, bótar an cóiste, mar a tugtar air, is tré Cill Iúro ó-tuair a gabán sé, tré lár na gcnuic. Táir na cnuic ana uaigneac. Raint aimsire ó sin bíodar níos uaigníse go mór 'ná mar atáir siar anois, agus 'ná mar a bíodar nuair a bíos-sa sa paróiste. Bíod foğluirde ar an mbótar san agus bíod sé ag robáil na ndaoine. 'Do tárla go raib fite n-ar b' ainim do éamoin de bál ag gabáil an bótar lá. Táinig sé cun áite a bí ana uaigneac. 'Do preab an foğluirde cuise amac ó clair an bótair. Séamus fréiní ab ainim do'n foğluirde. Tóg sé suas a piostal ar aghair an fite amac.

"Sín cúgam don airgead atá agat," ar seisean.

"Ní'l don leatpinne airgid agam-sa, a mhic ó," arsa'n fite. "Tar anso agus cuardais mé má's dóic leat go bfuil," ar seisean.

O'féac fréiní air.

"Pé 'cu 'tá airgead agat nó ná fuil," ar seisean, "ní'l puinn o'a deabram ort. Cím go bfuil bróga nua ort," ar seisean, "pé ball 'n-a bfuaraís iad." O'féac sé síos ar a cosaib féin agus ar na seana brógaib briste a bí ortá. "Is dóic liom," ar seisean, "go n-oireamnpad na bróga nua san mise. Bain dóic iad." B'éigean dó. "Cait cúgam a leit iad," arsa fréiní. 'Do cait. "Oruid uaim síos ansan tamall anois," arsa fréiní.

'Do oruid. Ansan do bain fréiní óe a seana

bróga féin agus cuir sé uime na bróga nua. Nuair a bítar ar a cosaib do seasaim sé suas agus do breithní sé conus a ó'oireamhatar é.

“Ó,” ar seisean, “táir síar go h-áluinn ! go h-áluinn ar fad ! Táir síar cómh h-oireamhac dom agus dá mba dom féin a déanfaí iad. Seo,” ar seisean, “bíois sin agat-sa,” agus cait sé na seana bróga cun an file.

Cuir an file na seana bróga uime agus comáin sé leis ar a cuairt féin agus o'imeití fréimí an cnuc amac.

O'airí file eile sgeal na mbrós. Deir sé an bérta so :—

“Is brón liom an sgeón so do glacais, a Éamonn,

mar cóbac neamhróda san neart 'n-a géagaib ;  
'S gur dóic linn, dar ndócaint, gur ceap le céad tú !

'S do bróga do seolaó 'n-a glaic cun fréimí !”

Bí an bérta san ag dul ó béal go béal. O'airí Éamonn é. Tug sé an freagra so air :—

“A óisfir nac peóilta do canas bérta,  
ní treóileact neamhróda do bain dom féimí,  
ac rógaire ar bótar do sgeat le pléir mé,  
'S nár mó aige siú peóirling 'ná anam  
Éamonn !”

Do h-innsead dom gníom eile a deir an fréimí céadna. Do gluais an cóiste lá ó Corcaig. Bí bean ó Baile Áta Cliat ar an gcóiste agus níor féad sí gan beir ag caint. Níor stad a béal ac 'gá fiafraige de gac doinne eile o'a raib ar an gcóiste ar

“Óic leis go raib don baogal go mbualfeadh fréini úmpa.

“Tá míle púnt anso agham,” a deirfeadh sí, anois agus airís, “agus cao a beanfao i n-aon cor má buailean sé umainn !”

Do cuireadh an bótar díobh gan don bártan go dtí gur fásadair Cill ūirde laisteas díobh agus go rabhadar as déanamh ar an sliabh. Nuair a biodar sa n-áit ab uaigníse de’n tsliabh siúo cúca fréini. Cóm luath agus do labhair fréini le fear na gcapall do stad an cóiste. Táinig fréini go dorus an cóiste agus a piostal ar leibéal aige.

“Seadh, a cáirde ionmhuine, ná bíod don ácran aghainn, ac siníod amac cúsam pé airgeadh atá aghabh.”

Bí fear ann nár labhair puinn ó fás sé Corcais. Do béic sé amac, agus é as gol le sgannradh, cóm luath agus do labhair fréini.

“Ó, a duin’uasail,” ar seisean, agus tarraing sé amac a raib d’airgeadh n-a póca aige, lán a glaise de mhion-airgeadh, “sin abfuil d’airgeadh agham-sa agus ná lámhaigh mé ! Seo duit é ac gan mé marbh-uadh. Ní feadh an mór an t-airgeadh atá as doinne eile anso, ac péadh, tá míle púnt as an mnaoi uasail sin ansan. Sin cuige an míle púnt san atá aghat, a bean uasail, i dtreó ná lámhaigh sé sinn !”

B’éigean di an míle púnt a tabairt do fréini. Bí fréini as gáirí agus a cúis aige. Níor cuaird sé ró dian ar an gcuid eile acu. Tóg sé pé méid a tugadh dó agus d’imtiúgh sé. Ansan iseadh bí an cáint as an mnaoi a cáill an míle púnt. Níor stad a béal ac as mallacetaíge agus as spíotiúcan ar an bfeadh a sgéir uirtí. Níor labhair seisean a tuille. Do sroiseadh caithir baile áca Cluath. Cóm luath agus



do stad an cóiste, istigh sa caitair, cuir an fear ciúin a lámh 'n-a póca agus tarraing sé amac blúire páipéir agus sín sé cun mná na cainte é.

"Seo," ar seisean, "siné do mhíle púnt agat." Orluagó míle púnt ar banc báile áta Cliat ab ead an blúire páipéir.

"féac," ar seisean, "tá deic míle púnt anso agam-sa, agus tá an t-airgead san agam 'á tabairt anso ó banc Corcaigh go dtí banc báile áta Cliat. I n-ór atá sé agam. Bí eagal orainn an t-ór o'páigáil i gCorcaigh mar o' airigeamair go rabhas ar tí an banc i gCorcaigh do bhrisead. B'eigean dom mo sheans a glacadh le fréiní agus an t-ór a tabairt liom. Mura mbéad tusa agus do mhíle púnt bí mo deic míle imighthe uaim-se."

Nuair a donaic an bean an ainim a bí cíos ar an mblúire páipéir bí sí sásta. Bí aithne maith aici ar an bpeir n-a raib a ainim ar an mblúire páipéir. B' é an fear céadna a tugh sí an blúire páipéir, ac níor aithní sí i n-aon cor é bí an ceilt cómh maith san air. Nuair inis sé di cé r' b' é bí aitar mór uirthi.

Ní fearad-sa an píor an sgeal. Ní'lim ac 'a innsint fé mar a h-innsead dom é.

Do h-innsead dom conus a marbuisgead fréiní sa deire. Do buail sé uime duin'uasal a bí tar éis raint maith airgid o'páigáil an lá san.

"Sin cúgam an t-airgead san atá ansan agat," arsa fréiní leis.

"Is dóca ná fuil don toul uaid agam," arsa'n duin'uasal, agus cait sé sparán trom ar an dtalamh uaid. Do érom fréiní cun an sparáin do tógaint. Le n-a linn sin do snap an duin'uasal pinstal as a

póca féin, agus cuir sé pléar trío an bpean a bhí ar a cromadh. 'Do goin an pléar san é, ac níor mairb sé ar an spota é. 'Do díriú sé é féin agus tug sé aghaid a piosail féin ar an nuin'uasal. Mheas an nuin'uasal go raib uair a báis tagaite. 'Do stad fréini san an t-urchar do caiteamh.

"Ní beir t'anam-sa orm," ar seisean. "Táim ag dul i láthair Dé. Ní beag dom a bfuil am' coinnib."

'Omúis sé tar claid. Raint laetanta 'n-a díais san do fuaradh marb é tamall ó'n áit.

Bhí ana báir ag na daoine leis. 'Do raimneadh sé ar daoineib bocta cuio mór de'n airgead a báineadh sé de daoineib saibhre. San amhras ní raib sa rab-airne sin ac "fial stial de leathar duine eile." Mar sin féin bíod daoine buirdeach de, agus tugsaíis beir istis do nuair a bíod gá aige leis go minic.

Ní le daoine bocta amáin a bíod sé fial uaireanta. Buail nuin'uasal uime oíche.

"Sin cúgam a bfuil d'airgead agat!" arsa fréini leis.

'Do sín an nuin'uasal cuige sparán mór airgid a bhí aige.

"Féad anois, a Séamus," arsa'n nuin'uasal, "ní h-é mo tuairim go ndéanfa an méir sin orm dá dtuigta i gceart conus atá an sgéal agam."

"Cad tá sa sgéal ná tuigim?" arsa Séamus.

"Ní liom-sa an t-airgead san i n-aon cor, arsa'n nuin'uasal. "Cíos é sin atá págalta agam inoiu ó tineóntaíuib a leitíir seo de tigearna talman," 'gá innsint do cé r' b' é, "agus caitear-sa an cíos san do tabairt do'n tigearna talman san pé ball

'n-a solátrócaó é. Ní beir sé siúro don leacpinne cun deirísh leis an obair seo."

"An mar sin é?" arsa Séamus.

"Isead go deimhin," arsa'n fear eile.

"Tá go maith," arsa Séamus. "Ní cuirfead-sa an cruaidhtan san ort-sa. Dá bfeadainn an t-airgead a baint dé féin beinn sásta, ac ní díot-sa is ceart dom a cur siúro a baint. Seo dúit do sparán, ac tabair dom uait féin cúpla púnt ar iasáct. Tá gnó áiríste agam dé."

Do tug. Agus is mó lóistín oíche agus béile maith bhí a fuair Séamus i dtísh an duim' uasail sin 'n-a díarísh san nuair a bhíod gáó go cruaid aige le lóistín oíche agus le béile bhí.

Tá baile sa taobh toir tuair de'n paróiste agus fíort na Sgeite an ainim a tugtar air. Tá an baile sin naoi míle ó Cill Uíro. Is minic a tsaó glaoóc ola cúgam ó'n mbaile sin i lár na h-oíche. Do bhinn am' dúiseáct uaireanta agus d'áirínn an teac-taire agus é ag teáct, ar sodar, ar muin capail, agus "Fíort na Sgeite! Fíort na Sgeite!" adeir-eaó cosa an capail sa tsodar ar an mbótar, agus mise am' dúiseáct sa leabair ag éisteáct leis an sodar, "Fíort na Sgeite! Fíort na Sgeite!" agus mé ag cuimneamh ar an naoi míle 'slísh a bhíod róimh. Ní goilleaó an sgeal puinn orm, ámtac. Corm luat agus bhinn sa n-iallait agus ar an mbótar níor b' fearr liom beir sa leabair. Bíos ós an uair sin.

Tá áit ag bun fíort na Sgeite agus na mianaca a tugtar ar an áit. Do h-innsead dom go raib iaran d'á tógaint as an dtalamh ann raint aimsire ó sin, agus go ndéintí corcáin ann agus go sgeannaigead na cómarsaín na corcáin sin, agus gur corcáin maite

IAO AC SUR B' ANA DEACAIR IAO A COIMEADÓ GLAN AR AN UTAOB ISTIĞ; SUR DÓCA NÁ GLANTÍ AN T-IARAN I SGEART SA TEINE, NÓ SA BPUIRNÉIS. TUGTAR "AN PUIRNÉIS," LEIS, MAR AINIM AR AN MBAILE.

## XIX

### AN STADONADÓ Ó'N ÓLACÁN

NÍ RÓ FADA A BÍOS TAGAITHE AMAIC AS AN SCOLÁISTE, CRÍOCHUIĞTE AM' SAGART AGUS AG DEANAM OIBRE SAGAIRT AMEASĞ NA NDOINE, NUAIR A TUGAS NÍD FÉ NDEARA. TUGAS FÉ NDEARA AN OÍOBÁIL TIUBAISTEAC A BÍ AG AN ÓLACÁN 'Á DEANAM DO MUINTIR NA h-ÉIREAN. CONAC AN CEÁRDÁIDE SÁIÖTE I UTIĞ AN TABAIRNE ĞAC DON TRÁDNÓNA DÓ SÁCARAINN, AGUS É AG FANMÁINT ANNH GO UTÍ GO MBÍOD PÁĞ NA SEACMÁINE IMTIĞTE, NÓ AN CUIO BA MÓ DÓE, AGUS AN DEAN AGUS AN CLANN SA BAILE ĞAN BÉILE NA h-OIÖCE ACU, ĞAN, B' FÉIÖIR, BALCUIŚ ÉADAIĞ AR DON TSLACÖ; ANSAN, AN FEAR SAN AR A LEABAIÖ AR MAIÖIN DÓ DÓMNAIĞ AGUS ĞAN É ÁBALTA AR EIRIĞE NÁ AR DUL FÉ DÓEIN DON AIFRINN. CONAC AN DEAN AGUS A MEABAIR BAINTE DÍ Ó BEIT A D'IARAIÖ AIRE TABAIRÖ DO'N FEAR SAN AGUS D'Á CLAINN AGUS D'Á TIĞ, AGUS ĞAN AN T-AIRĞEAD AICI CUIĞE, I FÉIN LEAC LOMRACÖTA AGUS AN CLAINN LEAC LOMRACÖTA AGUS AN TINTEÁN FUAR FOLAM, ĞAN TEINE NÁ ADÖBAR TEINE, ĞAN TEAS ĞAN COMPÖRO. CONAC AN FEIRMEÖIR AG TEACÖT ÁBAILE

AR meisge ó'n donac nó ó'n margad, agus é féin agus a capall i gcontabairt tuitim i n-óig an bócair agus beir báirtte nó basgaite, agus an t-airgead ba cheart dó a tabairt leis abaille pásta aige ins na tístiú tabairne a bí ar na crosairiú roimis ; pástaltas fial pásta ins gac tigh acu aige ; nár mór leis seile tobac 'nár leat coróinn geal do caiteamh uair ins gac tigh tabairne acu ; agus ansan, nuair a tagad a ciall do amáiread 'n-a díais san, gur dóic le duine air gur b' fíú leat-sóbran an leatpinne ruad nuair a bhead raint beag éigin aige 'á tabairt d'á mhaol cun ruad soláchar do'n tigh ! Conac na h-uile sin go léir agus na mílte oile eile 'n-a tceannta, agus do builead istead am' aigne gur cheart dom iardaict éigin do déanamh ar cur 'n-a scoinnib, a beag nó a mór ; dá mba ná tiocfad liom a déanamh ac a beag féin, gur b' fearr é déanamh 'nár gan don ruo a déanamh.

Seo mar a tuigead dom ba cheart tabairt fé'n obair, .i. a iardaict ar gac doinne staonad ó gac deoic meisgeamhail. Bí fíos agam go maic go mbéad mórán daoine agus gur deacair iad do tabairt cun an staonad san do déanamh. Bí fíos agam, leis, nár bpoláir dom éadan ana dána beir orm cun a iardaict ar don duine an staonad san do déanamh gan mé féin 'á déanamh óm maic le cáic. Tuigead nár bpoláir dom féin an tosnuad do déanamh. Óm maic do deimeas. Do deimeas an tosnuad. Socaruigeas m' aigne i lachair Dé ar gan deoic meisgeamhail a d'ól a tuille. Ansan do cromas ar daoine eile do óm-airliugad cuige. Is cuimhin liom don fear amáin agus bíos 'á ráid leis gur cheart dó an staonad déanamh. Bí gac don leatsgeal aige ar bara a ceang-an dom cun gan é déanamh. Gac don cúis d'ár tug

sé dom cun san é déanamh, tugas-sa cúis i scoinnibh na cúise sin do cun a déanta. Fé deire do bhris ar an bpoitne aige agus túbairt sé mar seo :

“Íllaise go deimhin féin, a Acair, ní fearr beir siar ná aniar ar an sgeal, is maith leis an sagart féin, nuair a bíon oínnéar maith itte aige, a braon beag puins do cur anuas ar an n-oínnéar !”

“Tá dearmad sa méid sin ort,” arsa mise. “Ní blaisim don braon puins coitíde ná don braon o’don tsagas eile oíge a cuirfeadh meisge ar duine.”

Do stad sé ar feadh tamaill agus iongnadh air. Ansan : “Asóó, a Acair,” ar seisean, “caitím-se beir amuic sa n-oíthce fé fuaict agus fé fliuchra, agus do ragsaó an fuaict tré m’ éroíde dá mba ná h-ólfaínn braon biotáile nó braon de rud éigin teit mar sin.”

“Bím-se amuic sa n-oíthce, fé fuaict agus fé fliuchra níos minicíge ’ná mar a bíon tusa,” arsa mise. “Bíon tú go sámh ar do leabair go minic nuair a bím-se sa n-iallait, ar bótar sior na Sgeite, nó ar bótar ínse an léime, agus fearctáinn o’d stealladh orm le fuinneamh gaoithe, agus ní bíon don gáó agam le h-don braon biotáile nuair a tagaim abailé.”

“Asóó, a Acair,” ar seisean, “b’féidir ná goilleán anróó ort-sa cómh mór agus goillfeadh sé ar duine eile. Dá bfaigínn droc fliuchadh tiocfaó, b’féidir, luíscán trom orm mura n-ólfaínn deoch maith láidir biotáile cun an fuaicta do cur amach as mo éroíde.”

“Tá dearmad sa méid sin ort,” arsa mise leis. “Is amhlaid a cuireadh an biotáile tuille fuaicta

isteadó ionad i tceannra an fuaicte a bhíon istició ionad roimis."

T'féad sé ioir an dá súil orm agus sulc ar lasad 'n-a súilib féin.

"Dar fiaó, a dtair, ac siné an sgéal is greann-maire t'ár airigeas-sa de sgéaltaib greannmara riamh ! Nuair ólaim braon de biotáile mairt, motuigim an teas aige t'á cur isteadó am' croíthe agus cre m' ballaib beata go léir."

"Teas bréagad iseadó an teas san," arsa mise leis. "Imtígean sé go luad 'n-a óiaig san, agus beirean sé leis, as do curo fola, pé teas a bí ann roimis. Ansan téigean an fuaict isteadó do' croíthe dáiririb, agus ní motuigean tú an fuaict san mar baineán an biotáile an motuigad asat."

b' éigean dom eirige dé. Bí raint cainte de'n tsasas céatona agam leis uaireanta 'n-a óiaig san. Ní raib don mairt dom ann. Ní féatpáinn a cur 'n-a luige ar a aigne go raib don díobáil sláinte sa "braon oíge." Ac pé caint a bí eatoráinn ní túb-airt sé focal amad as a béal, airís, i tcaob "sur mairt leis an sasart féin a braon puins a t'fágail."

Nuair a bíos am' cómnuiqe tíos ar an gcucán os cionn drocháir áraiglinn bíodó orm teact aníos go Cill Uíro cun an Aifrinne do ráó agus cun glaoúac ola t'freasairt sa tsráir beag. Agus is minic sur i lár na h-oiúche do tagad an glaoúac ola. Tuigeas dá mbeinn am' cómnuiqe tuas sa tsráir beag go mbeinn i n-aice mo ghnóta ann, do ló agus t'oiúche. Ac ní raib tigi le fágail sa tsráir beag.

Do lean an sgéal ar an gcuma san ar fead breis agus bliain. Pé veire do táinig ataruad. Bí doctúir 'n-a cómnuiqe sa tsráir. Socaruig sé ar



toul cun cónnuigte ó-tuair go baile místéala. Cóm luat agus bí sé imtigte as an tuis a bí i gcill  
 úirí aige do tógas-sa an tuis, agus tánas ainíos cun  
 cónnuigte ann. Bíos i n-aice mo shóta ansan. O'á éagmuis sin bíos meadónac sa paróiste, agus  
 ná bóitre díreac ó'n tuis agam soir go n-ínse an  
 léime ; agus soir ó-tuair go baile na mbóda agus  
 go fort na sgeite ; agus ó-tuair go dtí an barrac,  
 mar a mbíod an fogluid, lá éigin ; agus siar ó-tuair  
 go dtí bearna na sáoithe, agus go dtí catair Oruine,  
 agus go dtí an cnucán. Bóitre fáda isead iad  
 go léir, ac bíod dúbailt fáid ionta nuair a bíos tíos  
 as drocáid draiglinn, mar do cáitinn teact ainíos  
 cun na sráide cun toul ar na bóitrib eile ac aiháin  
 bótar fort na sgeite agus bótar ínse an léime.

Bíod gur teip cuid de na seanbáoinib orm agus  
 cuid des na báoinib a bí i meadón dois, i tsaobh an  
 ólacadáin, níor teip na báoine óga orm. Ní rabas  
 abfao am' cónnuigte sa tsráid beag nuair a túsas  
 fé n-deara na sarsúin beaga agus iad as imteact  
 fiain ar fuir na n-áite sac don tráchnóna. Cum-  
 nígeas gur maic an rud seómra beag a o'páigail  
 dóib, agus leabair deasa, agus iad do cruinniúgáid  
 as léigead na leabhar ar fead uair a' cluig nó cúpla  
 uair a' cluig sac don tráchnóna. Ní raib don leabhar  
 saeluinne le páigail i n-aon ball an uair sin, mura  
 solátrócad ruine bíobla sálda, ac níor b'féidir  
 baint i n-aon cor leis an mbíobla san toisg an droc  
 ainim a beic fácta aige ós na Soupers.

Do sgríobas go baile áta cluic agus fuaras  
 leabhair a bí cóm saeóla agus o'féarfaid leabhair  
 dearla beic ; an "Story of Ireland," agus "Poets and  
 Poetry of Ireland," agus "Speeches from the Dock,"

agus mar sin. Bí an t-Árthúar Pigott beo an uair sin i mbaile Áta Cliat. D'airiú sé an sgéal i rtaob na mbuacailli agus i rtaob na leabhar, agus cuir sé deic bpúint cúiginn cun tuille leabhar do ceannac. Ansan do cheannaigeadair tuille des na leabhair, leabhair maite bunúsaca Béarla, Shakespeare, agus Milton, agus a leictéirí, agus bí curd maite leabhar agann ansan, leabhair nár airiú na buacailli don trácht riam orda go dtí san. Tagairis istead gac don tosac oíóce, nuair a bíod na h-oíóceanta fada agann, agus bíodis ag léigead na leabhar, a leabhar féin ag gac duine, go dtí go mbíod sé i n' am stair. Ansan do léiginn féin blúire beag de beata naoim éigin doib, agus cuirinn abailte iad. Is cuimhin liom gur túsas mórán oíóceanta ag léigead beata an Cúre d'Ars doib, agus gur cuireadar ana spéis ann.

Tar éis tamail do meallas iad cun staonad ó gac deoc meisgeamail, agus do beineadar é go ponnmar. Beineas cárta beag doib agus cuireas an geallamaint ar an gcárta, i gcló, mar seo :

“Mar sásam am' peacaib, agus cun gac peaca do seadaint feasta le congnam Dé, agus i n-onóir do Úrígio Naomta, staonfar ó gac deoc meisgeamail.”

Bí an obair go léir, agus sinn féin, agus an leabarlann, fé comairce Úrígioe Naomta agann. D'airigear 'n-a diais san gur lean a lán acu de'n geallamaint sin ar fead abfar, agus gur lean curd acu de i gcaiteam a saogal.

Nuair a tagad lá féile Úrígioe bíod feasta beag agann ; misteáin, agus cácaí, agus sógluistí eile de'n tsóro san. Bíod ólacán airigete, leis, agann,

agus o'ólaimís sláinte ár naoim, sláinte ùrìghe,  
 " Muire na nGaeòal," mar a tugtí uirtí fadó. Tá  
 tobair breag fíoruise tíos i mBaile-'oir-òd-àbainn  
 agus " Tobair an Dúna " an ainm atá ar an tobair  
 san. Cuirimís capall agus trucail, agus meadar  
 breag mór istigh sa trucail, síos cun an tobair sin  
 agus do tugtí cúgáinn ainíos lán na meoire de'n  
 uise sin, agus i nglaine de'n uise sin isead o'ólao  
 gac duine agáinn sláinte ùrìghe naoiméa.

Bí cárta eile agáinn agus síodao na sinuinte a  
 bí ar an gcárta san.

Mo gráò Dia!

Mo gráò an Creideamh!

Mo gráò Éire!

Gráin ar uabhar aigne!

Gráin an ainbrios!

Gráin ar easaontaict!

Ní déanfao maorídeam.

Ní déanfao ácaran.

Ní béao ar meisge.

Cárta bán ab eaó an cárta san. Cárta glas ab  
 eaó an cárta eile. Bí an dá cárta san ag gac duine  
 o'ár mbuidín. Do rugadar leo abail na cártaí.  
 Ní deirim ná go bfuil pot cárta acu le págail fós  
 i gcuid des na tigéib ar fuio na paróiste sin.

I mBéarla isead bí na focail ar na cártaib. Níor  
 b'féidir na focail do cur ortá i nGaeluinn an uair  
 sin, bíod gur mó go mór an Gaeluinn a bí o'a lab-  
 airt sa paróiste 'ná an Béarla a bí o'a labairt inti.

D'á éagsúis sin, bí an Saeluinn a labartaí bí sí ar áilleáct. Ba breas liom beic ag éisteaict leis na sean daoine 'sá labairt. Nuair a cuirinn an ola déanaí an sean duine acu, agus nuair a tusaínn an Corp Naomta dó, agus nuair a deiread sé aísan, ó croíde amad, "Mo grád mo tigearna Íosa Críost! Mo grád go daingean é!" do staod m' anál orm agus tusaí luas croíde orm agus do sgeinnead deóraí ó'm súilí i dtreó go n-iompúiginn i leic taoib beagán.

Siní an caint go raib an creideamh inti. Siníad sa gas daoine naomta a bí i n-Éirinn an uair sin agus roimis sin, agus san don focal béarla acu. Ba baot an gnó do'n namair beic a o'iarad a cur féadaint ortá súo an creideamh do séanaí.

Bí ceitre sgoileana "Náisúnda" sa paróiste, agus ní raib oiread agus don focal aísan Saeluinne ag don duine des na múinteoirí a bí ag múinead aos ós ins na sgoileanaib sin. B'uadbasad an éagsóir é o'á déanam ar múinteoirí agus ar aos ós i n-aonféad. Na múinteoirí 'sá marbúad péin a o'iarad múinead déanam le caint nár tuiséad, agus aigne an luict fogluma o'á ciapad agus o'á dailad agus o'á cur amú, ó beic a o'iarad eóluis do glacad tré caint nár tuiséad. Agus ansan, éagsóir eile ba tiubaistíge ná an o'á éagsóir i tceannta céile, cigire, nó "inspector," ag tead ó'n mbóro agus ag dul istead ins na sgoileanaib sin, 'sá bféadaint agus ag breicniúad ortá, agus san don léus eóluis aige ar an o'á éagsóir úo, an éagsóir ar na múinteoirí agus an éagsóir ar an aos ós.

Tá so agam le rá, ámhac. Cóm fada agus éuad

an obair a d'eineadh ins na sgoileanaibh, an méid oibre do b' féidir a d'éanamh i n-aimhdeóin na n-éascóirí go léir, do d'eineadh é ar cuma do cuir iongnadh orm-sa. Do tugadh an t-eólas do'n mhúinteoir ós agus do glac' an mhúinteoir ós an t-eólas, tré b'otar cruaidh an b'éarla, tré b'otar iasácta an b'éarla, ar cuma do d'éanfaidh creideamhaint do mhúinteoiribh agus do luét foghluma i n-donfeacht dá mba ná b'ad an b'otar cruaidh ná iasácta. An éirim aigne a b'i ar gach taobh fé n'hear an toradh san a b'eit ar an obair.

Ad na daoine a b'i i meadhon dois an uair sin, na daoine a b'i idir na sean-daoine agus mhúinteoir na sgoileana, b'i b'éarla acu san o'a labhairt agus ní dóic liom gur labradh riamh amac a' b'éalaibh daoine caint ba ghráinne 'ná an b'éarla san. Féad ansan an sglábdairdeacht a b'i ar na mhúinteoiribh agus ar na leanbháibh. An b'éarla grána san o'a labhairt coitianta leis na leanbháibh sa b'aire, agus ansan na mhúinteoirí, a d'iaraibh b'éarla éigin sláctmhar a mhúineadh doos na leanbháibh sin ar an sgoil. Ansan, an cigire as teacht agus as gabáil de cosaibh ins gach don ruo; as spíriúcháin ar na mhúinteoiribh, os comhair na leanbh go minic, nuair ná cuirirís b'éarla cruinn i mbéalaibh na leanbh, agus as spíriúcháin ar na leanbháibh nuair a d'éarfaidh leanbh acu, "I do be," nó, "We does be."

B'íos as éisteacht le cigire acu lá. Cuir sé ceist éigin cun leimh i rudaibh cad a d'omeadh sa b'aire é an lá roimis sin, nó ruo éigin de'n tsóro san.

"I does be thinning turnops, sir," arsa'n leanbh.

"And what does your brother be doing?" arsa'n cigire.

"He do be minding the cows, sir," arsa'n leanbh.

" 'I does be,' 'He do be.' That is nice teaching! "

ar seisean leis an múinteoir. "Well, Mr. 'Do be,' " ar seisean leis an leanbh, "how are you to-day, Mr. 'Do be' ? And how is old Mr. 'Do be' ? And how is Mrs. 'Do be' ? And how are all the other little 'Do be's' and 'Does be's' ? "

B' sin iad achair agus máchair an leinbh, agus an curo eile de'n clainn a bhí i ndiaidh an leinbh sin sa baile. Féad air sin mar tarcuisne 'á tabairt do'n lín-tíge sin ! Tarcuisne poiblíde, os comhair na sgoile go léir !

Ná measaó doinne ná tuiteaó ruo de'n tsóro san amac ac go h-anaí. Do tuiteaó sé amac go minic, go h-ana minic. Tá sé as tuitim amac fós, uair-eanta. Do conac féin císire go minic as rástáil istead i sgoil agus a hata ar a ceann aige, agus gan aige do'n múinteoir, os comhair na leanbh, ac an focal ba tarcuisníge 'n-a pluic.

Tugas ceitre bliana i gcill úirio an uair sin. Bhí an leabharlann mór go maic i ndeire na h-aimsire sin. I gcaiteam na h-aimsire sin iseaó táinig an cogsaó mór úo ioir an ffrainne agus an Almáinn. I gcaiteam bliana an cogsaó sin do bíod na páipéir agaim sa leabharlann agus sinn as faire ar an gcuma 'n-a raib an cogsaó as gluaiseaó, agus gan amras is leis an bfrainne a bíod ár mbáir go léir ioir ós agus criona agaim. Bhí brón mór orainn nuair a conacamaí an buaó as an Almáinn.

I gcaiteam na h-aimsire sin, leis, iseaó bhí ár bpeisirí Éireanaí, agus Isaac Butt 'n-a ceann-uraid ortá, " as seasam a gcirt " tal i bpárlimint Sasana. Bíod cruinníuáim móra agaim ins gac don páirt o'Éirinn as gabáil páirte le Butt sa gnó san, agus le n-a buirín. Is cuimín liom go ndeig gasra mór

de mhuintir Cill Úiro ó-tuair go baile mhistéala lá  
Domnaigh, go dtí cruinniúadh mór díobh a bhí ann,  
agus go mb' éigean dom dul leo, agus sur measamair  
go raib ár obair déanta againn nuair a bhí obair an  
lae sin déanta againn. Ba beag ná go raib éire  
saor againn ó d'aor-smaect Gall, dar linn.

## XX

## AR SGOIL I RÁT CORMAIC

Nuair a táinig an t-am, do réir mar a tuig an  
t-easbog, do cuireadh ó-deas mé, treasna na h-abán,  
treasna Abán Móire, go Rát Cormaic. Ní rabas  
aithne sa paróiste sin nuair a tosnuigeas ar an  
obair céadna a bhí ar siúbal agam i gCill Úiro.  
Cruinniúeas cur do buachaillib na sráide bige sin  
agus do labras leo. D'innseas dóib i dtuair na  
h-oibre a bhí ar siúbal agam i gCill Úiro an fáil  
a bhí ann, i dtuair na leabhar agus i dtuair an dá  
cárta, agus i dtuair stáonadh ó'n ólacán go mór  
mór. Do tógadh na cártaí agus do sealladh an  
stáonadh. Do tógamair tuis agus do ceannaiúeadh na  
leabhair agus bhí an leabharlann againn, fé comairce  
Úrísge Naomta, díreac mar a bhí i gCill Úiro.

Níor bhí fáil sur tuis fé n-deara go raib tuisint  
i gceol agá lán des na buachaillib i Rát Cormaic.  
Bhíod amráin againn, amráin Úearla ab eadh iad,



amháid. Ní raib don focal Gaeltinne o'á labairt sa tsráid beag. Ac má b' amháin Béarla féin iad, bíodis ar áilleadót le feabhas guthaí agus le binneas glórta agus le fuaim áro agus le h-uéad.

Ói eólus maite, leis, ag cuir des na buacailib ar ceól úirlisí, ar ceól fliúite agus ar ceól beirlín. Do thuigeas am' aigne go mb' féidir gur maite an ruid, ó bí an dúil sa ceól acu agus an éirim ceoil óm maite san acu, na h-úirlisí práis do soláitar agus banna práis a beite againn. Deineamair suas oadad púnt agus cuireamair fios ar raint des na h-úirlisib práis. Do labras le fear de luot ceoil an airm istig sa <sup>1</sup> Mainistir agus o'iaras air teact cúgaimn amad go Rát Cormaic cúpla uair sa tseact-main agus a múinead dos na buacailib conus na h-úirlisib práis do láimseáil agus an ceól do baint asta. Socaruiqeamair ar an n-oioluigeadót a geóbad sé agus táinig sé. Ói sé ag teact ar fead raint aimsire ; níor ró fada é. Do pioc cuir des na buacailib suas an t-eólus go tiug i tcreó go rabhadar-san ábalta ar an gcuid eile do múinead agus gur féadomair comáint linn agus gan beite ag oíol ár gcot' airgid le fear na casóige deirge. Sar a raib mórán aimsire curta oíob ag na buacailí bíodar ábalta ar na h-úirlisib do láimseáil go cliste, agus do sheinnodis an ceól óm maite agus o'féadfad don banna airim é sheinnt.

Óios i Rát Cormaic tímpal dá bliain is oíde liom nuair a bí an méid sin gnóta déanta. Ansan oíread isead táinig leicir cúgam ó Baile Áta Cliaic 'sá innsint dom go raib buirdean ar bun sa cáchair

<sup>1</sup>.i. Mainistir fear Muige (Fermoy).

sin, buidéan “cun na gaeoilge do coimeádo beó.”

“Oar fiaó,” arsa mise am’ aigne féin, “má’s maít é is mió é !”

Comáineas leitir cúca ’ga iaraid ortha na leabhríni a bí acu do cur cúgam. Táinig an céad ceann des na leabhrínib. D’innseas dos na buacaillib cat a bí déanta agam. D’airigois mé go minic ag tabairt seanamóna as gaeluinn uaim do’n pobal Dé Domnaig. Dúbradar go léir láitread gur maít leo an gaeluinn o’foglaim. Cuireas macsámaíl do’n leabhrín i lámh gac buacalla agus cromadar ar na focalaib o’foglaim. Bí focail beaga ana símplíde ins na ceachtanaib tosaig, mar seo, cóm fáda agus is cuimhin liom anois :

lá = a day.

breaḡ = fine.

bó = a cow.

bán = white.

ḡé = a goose.

duib = black.

cat = a cat.

mór = big.

bean = a woman.

beag = little.

Ansan bí ceacht eile mar seo :—

lá breag = a fine day.

bean beag = a little woman.

bó mór = a big cow.

bean mór = a big woman.

ḡé bán = a white goose.

bó maít = a good cow.

cat duib = a black cat.

bó duib = a black cow.

Cuireamair dínn raint des na ceachtanaib. Ansan, nuair a bí raint des na ceachtanaib foglaimta ag na buacaillib do h-innseádo an méio seo sgéit dúinn :—

‘The true Irish for “a big cow” is really, not “bó mór,” but “bó mór.” So also with those other instances ; the true Irish is, not “bean mór,” but

“bean mór” ; not “bean beas,” but “bean beas” ; not “bó maic,” but “bó maic” ; not “bó dub,” but “bó dub.” We really considered it better not to burthen the learner at the beginning with the mysteries of Irish aspiration, ’nó ruo éigin mar sin.

Cóm luac agus conaic na buacailí an méid sin, “What is this !” ar siad. “We were first taught to say ‘bó dub,’ and now we are told that ‘bó dub’ is wrong, and that we must say ‘bo dub’ ! Why were we not told the right word from the start ?”

Cuireadar stailc suas. Ní foglumócaíois a cuille Gaeluinne as na leabraið sin. Cuireas-sa stailc suas cóm maic leó. Tuigeas am’ aigne don daoine do ceap go bfeadfaí an Gaeluinn a coimeád beó leis an saḡas san oibre nár b’ don maic beic as brat ortá. Nuair ariḡeadó duine des na seana cainteóirib “bó mór,” agus “bó dub,” agus “bean beas,” bíois as cur an anama amac as gáirí.

Tuḡas fé ndeara go raib cuio des na buacaillib agus go raib éirim aigne acu agus solus breiteamhantais agus cúil-féic tar an scoitciantaict, cuio acu aḡfad tar an scoitciantaict. Do buailead istead am’ aigne sur mór an truaḡ san caoi tabairt doib ar úsáio éigin tairbeac a déanam de’n éirim sin agus de’n tsolus san agus de’n cúil-féic sin.

Bí mo cuio eóluis féin ar na seana teangtacaib, ar an laioin agus ar an nḡreigis, as dul i n’óire agus i neamhcruinneas agus i n’óircíḡe.

“Dor fiaḡ,” arsa mise liom féin, “b’féidir nár b’ fearra dom ruo a déanfaínn ’ná mo seana leabair laíone agus ḡreigise do tarang cúḡam airis agus díriugad ar na seana teangtacaib uaisle sin do múinead do duine nó do beirt des na buacaillib seo.

Cá b'fios cao a tiocfao as 'n-a òidais so? Pé ruo a tiocfao as 'n-a òidais so ná ná tiocfao, do tiocfao as anois go n'óeanfaínn m' eólus féin ar na seana t'eangstaíib 'o'atnuascaint, agus níor míste 'dom san."

T'araingeas cúgam na seana leabair agus glanas an ceó 'óib' agus cromas ar féascaint tríota. Ba gearr go b'peaca go raib' gá' leis an atnuascaint. 'Do labras le duine des na buacailib', an fear ab fearr 'óib'. Tomás ua Mórda ab ainm 'do. b' é an fear ab fearr é ar an gceól agus ar léigead na leabair agus ar gac don tsačas eile oibre aigne 'o'á mbíod' ar siúbal againn. 'O'fíafraigeas 'de ar maic leis laoidíon a 'o'fógluim.

"Cao é an gnó 'béa' agam 'de, a 'dtair?" ar seisean.

"Cá b' fíios ná go n'óeanfao 'Día ságart 'óiot," arsa mise. "Má's maic leat laoidíon 'o' f'ógluim," arsa mise, "múinfeao-sa 'duic í, agus ní 'beir' agat le 'óiol as an obair ac don n'íó amháin."

"Agus cao é an n'íó é sin, a 'dtair?" ar seisean.

"An n'íó seo, a 'Tomáis," arsa mise; "má osgalan 'Día an b'ótar 'duic cun 'beir' ad' ságart go n'óeanfaínn féin leannhaint 'de'n staoanad 'ó'n ól agus go n'óeanfaínn do 'óiceal cun a cur féascaint ar 'daoine eile an staoanad céadna 'óeanaim."

"'Óeanfao an n'íó sin, a 'dtair," ar seisean, "agus go 'deimhin, 'o'á mb' é toil 'De 'dom é, do t'abarfainn an saogal go léir ar 'beir' am' ságart."

"Tá go maic," arsa mise. "Síodé an leabair, féac, agus síodé an céad céad ac' ad' agat le f'ógluim, agus tá sé cómh maic againn t'osnuagad anois."

Agus do t'osnuigeamair. Níor b'faoa go raib' an

TARNNA BUACAILL I N-ADONFEACHT LINN SA N-OBAIR. SAR  
 A RAIB TRÍ SEACHTMAINE CURTA D'INN AGAMN BÍ MÓR-  
 SEISEAR BUACAILLÍ AGAM AG POGLUIM NA LAIRNE UAIM.  
 SEALLAM GO MB' ÉIGEAN DOM FÉACAINC CÚSAM FÉIN  
 GO MAIT, AGUS MO CUIO SEAN' EÓLUIS DO GLANAÓ AGUS  
 DO LIOMAÓ AGUS DO CUR I DTREÓ AGUS I N-EASAR. IS  
 UACBÁSAC AN SÁS CEISTIÚCÁIN BUACAILLÍ IDIR A DÓDÉAS  
 AGUS A CÚSTÉAS ! IS FEARR AN T-EÓLUIS A CUIREAS-SA  
 AN UAIR SIN AR AN LAIRIN LEIS AN ACHUAICAINC SIN, AGUS  
 LEIS AN MÚINEAD, 'NÁ MAR A CUIREAS UIRCTI NUAIR A  
 BÍOS 'SÁ POGLUIM I MAGCROMCHA NÓ I SCÉANN TUIRC,  
 NÓ I SCOLÁISTE NA MAINISTREAC FÉIN. IS FEARR GO  
 MÓR A MÚINEAN MÚINEAD DUINE 'NÁ MAR A MÚINEAN  
 POGLUIM É.

BÍ BUACAILL 'N-A CORMNUIGE TUARÓ I N-AICE BAILE  
 MISTÉALA AGUS TOIRDÉALBAC UA SIADAIL AB ANIM DÓ.  
 BÍ BEAN 'N-A CORMNUIGE I N-AICE RÁTA CORMAIC, BEAN  
 CREIDEMHAC, AGUS BÍ SAOL AICI LE TOIRDÉALBAC. BÍ  
 FÍOS AICI GO RAIB AIDOM ANA MÓR AG TOIRDÉALBAC AR  
 BEIT 'N-A SAGART. D'INIS SÍ DÓ I DTARÓ NA H-OIBRE A  
 BÍ AGAM-SA 'A DÉANAM. SIÚD CÚSAM ADTUARÓ É. DO  
 TOSNUIG SÉ AR AN OBAIR. BÍ SÉ AN UAIR SIN, IS DÓIC  
 LIOM, CÍMPAL DÁ BLIAIN DÉAS NÓ TRÍ BLIANA DÉAS.  
 CUGAS FÉ NDEARA GO LUAT GO RAIB AN ÉIRIM AIGE, AGUS  
 AN CÚIL-FÉIT, AGUS FÉIT, AGUS FÉIT NA POGLUMA.

BÍ AN SGOIL AR SIÚBAL ANSAN, AGUS BÍ AN CEÓL AR  
 SIÚBAL, AGUS BÍ LÉIGEAD NA LEABAR AR SIÚBAL, AGUS BÍ  
 SÁD ADON RUO AG DUL CUN CINN GO H-ÁLUINN. NÍ RAIB  
 ADON CEANGAL CUN OIBRE ORM FÉIN NÁ AR NA BUACAILLÍ.  
 NUAIR A TAGAD GNÓ PARÓISTE ORM-SA D'IMTIGEAD NA  
 BUACAILLÍ ABAILE DÓIB FÉIN, AGUS BÍOIS AG DÉANAM  
 NA H-OIBRE SA BAILE CORM MAIT AGUS D'FÉADAITOIS  
 É, AGUS AG CUIMNEAM AR CEISTEANAIÓ LE CUR

cúgam-sa nuair a tíoctáinn tar n-ais as trídall  
orta.

Uí ana sáoḡal aḡainn, aḡam-sa aḡus acu-san, mise  
'ḡá múineadó aḡus iadósan aḡ foḡluim uaim, aḡus  
aoibneas aḡne oráinn ar ḡac caob. Ní oóic liom  
ḡo bfuil aoibneas le páḡail ar an sáoḡal so a  
o'péadófaó beic níos aoibne 'ná an t-aoibneas aḡne  
sin a bion ar múinteóir, aḡus ar luét foḡluma nuair  
a bío siadó ar don aḡne sa n-obair, aḡus nuair a tuisiḡo  
siadó féin a céile, aḡus nuair ná bion de coisḡ ná de  
bun ná o'airóm acu leis an obair ac onóir do 'Oia  
aḡus tairbe do'n creideam. Uí an t-aoibneas san  
aḡainne an uair sin, aḡus bíomair aḡ uul ar aḡaio  
leis an obair ḡo buacac.

## XXI

### 1 maḡcromta

1 lár an aoibnis dúinn do táinig aḡaruḡadó.  
Táinig leitir ó'n easbog 'á ráó liom-sa uul siar ḡo  
maḡcromta aḡus ḡnó saḡairt do déanam ann. Cuir  
san staó leis an obair i Rát Cormaic. O'imtíḡeas  
siar. Ní faóa a bíos tiar nuair a lean an cuio ba  
mó des na buacaillió mé. ḡlacaoar lóistín sa  
tsráio aḡus tḡaiois cun mo tíḡe-se ḡac don lá  
aḡus do ḡluais an múineadó aḡus an foḡluim airís.

Suim aimsire tar éis na h-oibre do tosnúḡadó  
i maḡcromta táinig leitir cúgam ó 'Baile Áta Cliac,  
ó'n "ḡCuman" úo "cun na ḡaeóilḡe do coimeáo

beo.” Do tráctao liom ar an ngáo a bí leis an obair a bí ag an gcuman ’á déanamh, agus ar an ngáo a bí le h-airgead cun na h-oibre do déanamh. Tá fírinne glan ab eaó an dá níó sin gan amhras. Cuireas púnt airgid cúca agus do sgríobas leictir cúca, agus is i nŠaeluinn do sgríobas i. Tugas iaraíct, sa leictir, ar raint neite do cur ar a súilíó dóib i dtaoó an cuma ’n-ar ceart an obair a bí curta rómpa acu do déanamh. Cuireadar freagra cúgam ar mo leictir ag gabáil buíocais an airgid liom. Agus cuireadar cúgam cló de’n Freeman’s Journal agus mo leictir Šaeluinne i gcló air, díreac mar a sgar mo lám léi. Do tugadar le tuiscint dom, ámtac, i dtaoó na cómairle a bí tabarcta agam dóib, ná raib don gáo le dítimeas. Da mar a céile an sgeal agus a raó : “A dúine macánta, tabair-se aire do t’ gno péin agus leis dúinne an rud céadna déanamh.”

Ní dóbrat an cáint cur ar an gcuma san, ac siné brí a bí leis an gcaint. Ní raib don mílleán i n-aon cor agam ortá. Ní péir do dúine a tuiscint conus is ceart an Šaeluinn do coimeádo beo mura dtuigean sé cao é an saḡas ruda an Šaeluinn atá beo. Níor tuigeadar súo cao é an saḡas ruda Šaeluinn beo ná cao é an saḡas ruda Šaeluinn maró. Bí sé daingean ’n-a n-aighe gur tuigeadar an dá níó sin níó’ fearr go mór ’ná mar a tuigean-sa aon níó acu. Tá brí sin níor b’ péir dóib cómairle do glacádo uaim-se ’n-a dtaoó, agus ní raib don mílleán agam ortá. Ac níor deimeas a tuille cur istead ortá le leitreacáib—ná le h-airgead. An t-Átair Eóin ó Nualláin, sagart riagalta, isé bí an uair sin ’n-a ceann ar an gcuman san. Sagart ana maif, ana



naomta, ana deasdroibdeac, ab eaó é san don uabt. Dein sé mórán oibre ar son na Saeluinne, agus obair cruait ab eaó an obair a dein sé. Ac cao é an tairbe obair cruait san eólus ?

Bí buídean fear i Maścromta an uair sin. Is dóic liom gur " Young Men's Society " gur b' eaó iad. Conaic cur acu an leicir i nSaeluinn ar an bFreeman. Tánadar cúgam agus o'iaradar orm teact cun a seómra tamall beas i dtosaó gac oíóce agus iaract a déanamh ar Saeluinn a múinead dóib. Dúbart go dtiocfaimn. Do tánas. Ní rabas dá neómat sa tseómra as caint leó nuair a conac go raib eólus maic acu ar an nSaeluinn ceana féin, agus ná raib asam le déanamh ac a taisbeaint dóib conus i léigead agus do sgrí'. O'aimsió gac tuine acu a peann agus a dub agus a páipéar, agus do gluais an obair. Com luac agus bí na leicireada acu do suigóis cun an búiró agus do cromainn-se ar sgéal éisin a o'innsint, agus do sgríibitóis-sin síos ar páipéar gac focal fé mar a tagad sé as mo béal.

Ní raib puinn trioblóide sa n-obair sin dóm-sa. Ní bíod orm dul as triall orca ac cúpla oíóce sa tseactmain, agus ní bíod orm fanmáint ac leat uair a' cluis gac oíóce. Ní raib orm don múinead cainte déanamh. Bí an caint asá bformór com maic oíreac agus bí sí asam féin.

Bí an obair ar siúbal ar an gcuma san, go h-éasga agus go h-anamamail. Bí beirt nó triúr buacailli ó'n gcómarsanaact tagaithe cúgam cun na lárone o'foglaim agus iad tar eis na geallaimna do tabairt go staonfairis ó gac deoc meisgeamail. I lár na h-oibre dúinn ámtac táinig macalons crosta

orainn. Do labhair an sagart paróiste liom agus tug sé le tuiscint dom nár taitn leis mé beir ag múineadh na mbuachaillí. Dúbart leis, go breag réir, gur istig am' tigh féin a bíos 'gá múineadh, agus go raib sé com maith agam beir ag déanamh na h-oibre sin istig am' tigh féin le beir ag imirt cártaí nó le beir ag tuitim am' coida.

Tamall 'n-á diais san táinig leictir cúgam ó'n easbos 'gá ráib liom go raib sagart paróiste tuair sa <sup>1</sup>Rát agus go raib dúil ana mór aise sgoil Larone cur ar bun sa baile sin.

"Tá," arsa'n t-easbos liom, "airgead éigin le páigil ó'n Riasaltas cun sgoile de'n tsóro a coimeadh suas sa n-ait agus tá an t-airgead san díomáoin toisg san an sgoil a beir ann. Ba dóic liom gur maith an rud duit-se dul ó-tuair go dtí an Rát agus an obair seo atá agat 'a déanamh i Magcromta do déanamh tuair."

Bí fíos agam cao é an brí a bí leis an gcaint sin. Bí fíos agam nár labhair an t-easbos mar sin san sagart paróiste Magcromta beir ag gearán orm-sa agus ar mo sgoil. Ac do sgaoileas leis.

"Tá go maith, a tigearna easbois," arsa mise. "Comáin ó-tuair mé."

Do buaileadh istead am' aigne, leis, go mb' féidir gur b' é toil Dé mé dul ó-tuair. B' fearr liom go mór fanmáint i Magcromta dá b'fágti ann mé. Ac do tuigead go mb' féidir nár b' é sin toil Dé. Tuigead go mb' féidir go raib gnó éigin ceapaithe ag Dia dom le déanamh sa Rát nár b'féidir dom a déanamh i Magcromta. Siní an fírinne. Bí uaigneas

orm mar gheall ar a beit orm imteacht a' Maicromta, mar d'á gioraíocht a bíos ann bí báirí ana mhór agam féin agus as na daoine le n-a céile. Ac bí don tsásam aigne amháin agam as imteacht dom. Ní h-as leanmáint mo toile féin a bíos. Cuireas mo toil le toil Dé.

"Cá b' fíios dóm-sa," arsa mise am' aigne féin, "cao 'tá beartuighe as Dia sa ghnó so? Ní cun mo toile féin do leanmáint a dein Dia sagart díom!"

Ní cuirfinn an méir sin cainte síos anso anois ac cun a taisbeáint nár ceart don mílleán a beit ar sagart paróiste Maicromta. Má b' é toil Dé mise do dul ó-tuair go dtí an Rát, ní raib sa méir a dein an sagart paróiste sin, leis, ac ruo a ceatuiúg toil Dé dó a déanamh. Níor cuair an tuine boct ó béalaib na ndaoine sa ghnó. Bí leat-amadán sa tsráir agus d'airigead sé na daoine as caint agus 'a ráo gur díbir an sagart paróiste an sagart ós mar gheall ar beit as múinead lairne dos na buacailib.

"Is aic an sgéal é sin!" arsa'n t-amadán. "Cao é an díobáil do sagart beit as múinead buacailí? Tá mba as múinead cailíní óga a béad sé ba ceart, b' féidir, a ráo leis gan beit 'gá déanamh. Ac as múinead buacailí!"

Cuair caint an amadán i mbéalaib na ndaoine agus bí raint spóirt acu. Dúbradar go tapair do raib an ceart as an amadán, agus do cuirniúead ar an sean-focal: "Dealg múnlaige, fiacal con nó focal amadán, na trí neite is géire ar bit."

## XXII

## AN SGOIL SA RÁT

Bailigeas cúgam mo cúio tríosáin agus mo cúio leabhar agus siúó ó-tuair mé. Cuas cun cainte leis an sagart paróiste tuair. 'D'inis sé dom conus a bí gac don ruo le socaruḡaḡ ; gur i seómra am' t'is cónnuigte féin a béaḡ an sgoil ; go n'íolfaḡ gac tuine des na sgoiláirib a deic fíciḡ sa ráta, .i. sé púint sa mbliain ; go dtosnócaḡ obair an lae ar a deic ar maidin agus go scríocnófaí ar a dó sa lá. An t-airgeaḡ a 'íolfaḡ na sgoiláirí as a sgoilár-eaḡ go gcurfí sa ciste é, i dtéannta na h-ofrála, agus ansan go rainfí ar na sagartaib é 'íreaḡ mar a rainntí an ofráil. Ar an gcuma san go mbéaḡ mo cion dé as teaḡt cúgam-sa fé mar a bí mo cion de'n ofráil as teaḡt cúgam. Go mbéaḡ ar na sagartaib eile gnó na paróiste 'éanaḡ agus ná béaḡ orm-sa a 'éanaḡ ac obair na sgoile.

'D'éistead leis an socaruḡaḡ san gan don focal do ráḡ amac as mo béal. Do h-ogalaḡ an sgoil. Táinig raint buacaillí. Cuireas as obair iad. I gcionn raint laetanta táinig cuid dem' buacaillib féin cúgam. Táinig beirt nó triúr ó Rát Cormaic agus tuine ó Magcromta. Agus táinig Toir-óealbac ua Siadail ó Baile Místéala. Tóḡadair lóistín dóib féin sa tsráio. Cuireas isteaḡ sa n-obair iad, fé mar a bíodar oireamnac cuige.

Bí an obair air siúbal ansan, ac bí don n'íó amáin as 'éanaḡ buarta dóm-sa. Conac an cruinneas a t'aisbeáin an sagart paróiste i 'tcaob an airḡio,

agus táinig maectnaí dom. Com luath agus o'féadas é do glacas caoi ar labairt leis an sagart paróiste i ttaobh an maectnaí a bí am' aigne.

"A leitéir seo, a dtair," arsa mise leis. "Tá raint buacailí tagaite anso am' diais. Bíos 'sá múineadh i Maścromta agus i Rát Cormaic. Ní raib don tráct riam eadrainn ar don airgead, ní nár b' iongnadh. Ní foláir an múineadh a seóbaire siad anso do tabairt dóib i n-aisge, pé mar a bíodar 'sá fásail i Rát Cormaic agus i Maścromta."

Do croit sé a ceann.

"Ó," ar seisean, "ní déanfaid san an gnó i n-aon cor! Caitfir siad díol anso ar nós gac sgoiláire eile o'á bfuil ag teacht cun na sgoile."

Do stadas, agus admuigim gur coruig mo cúro pola. Déanfaínn sgéal ana gairio dó de mura mbéad don níó amáin. Mura mbéad an t-aon níó amáin sin déanfaínn leis mar seo: "Má 'sí sin aigne atá agat i ttaobh na sgoile seo, caitfir tuine éigin eile do solátar cun na sgoile do múineadh." Ní dóbairt an cáint sin. Coimeádas istig i. Cuireas srian leis an bfeirg. Nuair a bí mo lám daingean agam ar an sriain do labras mar seo.

"Tá go maith, a dtair," arsa mise, "ac ó 'sé an t-easbog a cuir mise anso, caitfir an t-easbog an puinte seo do socaruigh eadrainn."

